

Nuatheangacha lasachta na Sraithe Sóisearaí

Treoirlínte do na Measúnuithe Rangbhunaithe agus don
Tasc Measúnaithe

An Clár Ábhar

RÉAMHRÁ	1
MEASÚNUITHE RANGBHUNAITHE: EOLAS GINEARÁLTA	1
Neamhspleáchas na scoile chun an scoláire a ullmhú do na Measúnuithe Rangbhunaithe	3
An chaoi a dtacaíonn an scoil leis na Measúnuithe Rangbhunaithe a chur i gcrích	4
Cleachtais mheasúnaithe chuimsithigh	5
MEASÚNUITHE RANGBHUNAITHE I NUATHEANGACHA IASACHTA	6
An Tasc Measúnaithe	6
MEASÚNÚ RANGBHUNAITHE 1: CUMARSÁID Ó BHÉAL	8
Ag ullmhú	10
Measúnú Rangbhunaithe 1 a Chur i gCrích: Cumarsáid ó bhéal	13
Cumarsáid ó bhéal: Comhairle don scoláire	14
An leibhéal gnóthachtála a chinneadh: Cumarsáid ó bhéal	15
Na chéad chéimeanna eile	17
Measúnú Rangbhunaithe 2: Punann Teanga an Scoláire	19
Ag ullmhú	20
Measúnú Rangbhunaithe 2 a chur i gcrích: Punann Teanga an Scoláire	23
Téacsanna a roghnú ó phunann an scoláire: comhairle don scoláire	23
An leibhéal gnóthachtála a chinneadh: Punann Teanga an Scoláire	24
Na chéad chéimeanna eile	27
Aguisín A: Cumarsáid ó bhéal: Teimpléad le haghaidh Nóta ar Mhachnamh an Scoláire	31
Aguisín B: Punann Teanga an Scoláire: Teimpléad le haghaidh Nóta ar Mhachnamh an Scoláire	32
Aguisín C: Tacaíocht do bhreithiúnas an mhúinteora: Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair	33
Aguisín D: Cruinniú Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair: Tuairisc an Éascaitheora	37

Réamhrá

Cuirtear ar fáil sa cháipéis seo, *Nuatheangacha lasachta na Sraithe Sóisearaí: Treoirínite do na Measúnuithe Rangbhunaithe agus don Tasc Measúnaithe*,

- eolas ginearálta faoi Mheasúnuithe Rangbhunaithe
- sonraí faoi chineál agus faoi raon feidhme an dá Mheasúnú Rangbhunaithe a bhfuil cur síos orthu sa tsonraíocht churaclaim do Nuatheangacha lasachta na Sraithe Sóisearaí
- na Gnéithe Cáilíochta a úsáidfeá leis an leibhéal gnóthachtála a mheas i ngach Measúnú Rangbhunaithe
- treoirínite don scoil, don mhúinteoir agus don scoláire maidir leis na Measúnuithe Rangbhunaithe a chur i gcrích
- sonraí faoin Tasc Measúnaithe i Nuatheangacha lasachta agus faoin gcaoi a dtacaíonn an scoil lena chur i gcrích.

Ba cheart na treoirínite seo a úsáid leis an tsonraíocht churaclaim do Nuatheangacha lasachta na Sraithe Sóisearaí agus leis an *bhFoireann Uirlisí don Mheasúnú* don tsraith shóisearach, ina bhfuil tuilleadh sonraí faoin bpróiseas Athbheithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair agus faoi na gnéithe eile den mheasúnú don tsraith shóisearach a leagtar amach sna treoirínite seo.

Is féidir teacht ar an gcáipéisíocht ar fad ag <http://www.curriculumonline.ie/Junior-cycle/Junior-Cycle-Subjects/Modern-Foreign-Languages>. Tugtar breac-chuntas ar an measúnú don tsraith shóisearach sa *Chreat don tSraith Shóisearach, 2015*, atá ar fáil ag <https://www.education.ie/ga/Foilseach%C3%A1in/Tuarasc%C3%A1lacha-Beartais/Creat-don-tSraith-Shoisearach-2015.pdf>.

Measúnuithe Rangbhunaithe: Eolas Ginearálta

Is é an chaoi is fearr le cur síos a dhéanamh ar Mheasúnú Rangbhunaithe ná an tráth a ndéanann an múinteoir measúnú ar an scoláire leis na tascanna sonracha a leagtar amach i sonraíocht ábhair CNCM. Áirítear iad san fhad ama a thugtar do Nuatheangacha lasachta, .i. 200 uair an chloig ar a laghad. Leagtar amach sna treoirínite seo na Measúnuithe Rangbhunaithe agus na Gnéithe Cáilíochta, a thacaíonn le breithiúnas an mhúinteora.

Cé go bhfuil an measúnú cosúil leis na measúnú leanúnach a tharlaíonn gach lá sa rang, i gcás na Measúnuithe Rangbhunaithe taifeadtar breithiúnas an mhúinteora ar mhaithe le hAthbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair, agus úsáidtear é i dtuairisciú na scoile do thuismitheoirí agus don scoláire. Ullmhaíonn an scoláire do na Measúnuithe Rangbhunaithe le linn tréimhsí ar leith sa dara agus sa tríú bliain. Ní chuirtear torthaí a bhaintear amach i dtionscadail eile, in obair baile, ná i dtrialacha a dhéanann an scoláire le linn dó a chuid gnáthobair ranga a dhéanamh san áireamh le tuairisceoir a bhronnadh mar chuid den Mheasúnú Rangbhunaithe.

An leibhéal gnóthachtála i Measúnuithe Rangbhunaithe a chinneadh

Tá ceithre thuarisceoir leibhéil gnóthachtála i ngach Measúnú Rangbhunaithe: *Thar barr ar fad, Os cionn na n-ionchas, Ag teacht leis na hionchais, agus Nár chomhlíon na hionchais go fóill.*

Úsáideann an múinteoir na Gnéithe Cáilíochta, a leagtar amach sna treoiríníte seo, leis an leibhéal gnóthachtála a mheas i ngach Measúnú Rangbhunaithe. Is iad na Gnéithe Cáilíochta na critéir a úsáidfeadh lena mheas cén ceann de na tuairisceoirí seo a leanas is fearr a oireann d'obair an scoláire¹:

Úsáidtear **Thar barr ar fad** le cur síos a dhéanamh ar shaothar ina léirítear na Gnéithe Cáilíochta don Mheasúnú Rangbhunaithe ar chaighdeán an-ard. Tá níos mó láidreachtaí ná lochtanna ag baint leis an saothar.

Úsáidtear **os cionn na n-ionchas** le cur síos a dhéanamh ar shaothar ina léirítear na gnéithe seo go han-mhaith. Léiríonn an scoláire tuiscint shoiléir ar an gcaoi le gach réimse den tasc a chur i gcrích. D'fhéadfadh sé go dtabharfaí aiseolas á rá gur gá tuilleadh airde a dhíriú ar ghnéithe áirithe den saothar, ach tá sé ar ardchaighdeán ar an iomlán.

Úsáidtear **atá ag teacht leis na hionchais** le cur síos a dhéanamh ar shaothar ina léirítear bunús na ngnéithe seo go maith. Léiríonn sé go raibh tuiscint mhaith ag an scoláire ar an tasc. D'fhéadfadh sé go gcuirfeadh an t-aiseolas in iúl gur gá tuilleadh airde a dhíriú ar réimsí áirithe, ach tá an obair inniúil den chuid is mó.

Úsáidtear **Níor chomhlíon na hionchais go fóill** le cur síos a dhéanamh ar shaothar nach gcomhlíonann riachtanais an Mheasúnaithe Rangbhunaithe ná na nGnéithe Cáilíochta a bhaineann leis. B'fhéidir go ndearna an scoláire iarracht mhaith, ach níor thuig sé a raibh i gceist leis an tasc i ndáiríre nó tá sé

¹ Tabhair faoi deara go bhfuil an sainmhíniú atá ar thuarisceoirí, mar a úsáidtear iad in ábhair eile, leasaithe de bheagán chun comhthéacs na Nuatheangacha lasachta a léiriú agus chun ionchais a ailíniú tríd is tríd le banda A (A1 go A2, úsáideoir bunúsach) den Chreat Comhchoiteann Tagartha Eorpach um Theangacha.

curtha ó mhaith ag botúin nach beag. Tarraingeoidh an t-aiseolas aird ar na heasnaimh bhunúsacha ar gá iad a chur ina gceart.

Agus na Gnéithe Cáilíochta á n-úsáid ag an mhúinteoir le leibhéal gnóthachtála an scoláire a mheas sa Mheasúnú Rangbhunaithe, úsáideann sé breithiúnas ‘ar an iomlán’. Ba cheart don mhúinteoir na Gnéithe Cáilíochta a léamh (*Níor chomhlíon na hionchais go fóill* ar dtús) go dtí go dtagann sé ar an tuairisceoir is fearr a dhéanann cur síos ar an saothar atá á mheas. Cé gur cheart a thabhairt faoi deara nach dtugann aon cheann de na tuairisceoirí gnóthachtáil gan locht le fios, ba cheart go mbeadh fianaise ar an obair nuair a bhronntar Thar barr ar fad an-ghar do na critéir don leibhéal sin sna Gnéithe Cáilíochta. Nuair nach bhfuil sé an-soiléir cén tuairisceoir cáilíochta ba chóir a úsáid, ní mór don mhúinteoir breithiúnas a dhéanamh de réir na fianaise ó shaothar an scoláire le teacht ar an tuairisceoir is fearr a oireann do shaothar an scoláire ar an iomlán. Cuireann cur chuige ‘na rogha is oiriúnaí’ ar chumas an mhúinteora an tuairisceoir is fearr a dhéanann cur síos ‘ar an iomlán’ ar an saothar atá á mheas a roghnú.

Níor chóir don mhúinteoir talamh slán a dhéanamh de go mbeidh torthaí grúpa scoláirí ag teacht le haon phatrún dáileacháin ar leith, de bharr nach ndéantar an obair a mheas ach amháin trí thagairt do na Gnéithe Cáilíochta seachas don chaoi ar éirigh leis na scoláirí eile.

Tacaíonn samplaí anótáilte de shaothar an scoláire a fhoilsítear ar www.curriculumonline.ie, na Gnéithe Cáilíochta sna treoirínite seo, agus comhoibriú agus plé le comhghleacaithe ag cruinnithe Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair, le breithiúnais an mhúinteora ar chaighdeán obair an scoláire. Is é an cuspóir atá leis sin teacht ar chomhthuiscint ar chaighdeán agus ionchais.

Neamhspleáchas na scoile chun an scoláire a ullmhú do na Measúnuithe Rangbhunaithe

Leagtar amach sna treoirínite seo raon roghanna le haghaidh na Measúnuithe Rangbhunaithe ionas go mbeidh siad ag teacht le riachtanais agus le dálaí áirithe an scoláire agus na scoile. Cuirtear éagsúlacht féidearthachtaí i láthair maidir leis an gcaoi ar féidir an measúnú ar Cumarsáid ó Bhéal a dhéanamh, cineál na cumarsáide féin agus ról an mhúinteora i gcumarsáid an scoláire a éascú. Ar an gcaoi chéanna, d’fhéadfadh éagsúlacht a bheith sna cineálacha téacsanna is féidir a áireamh i bPunann Teanga an Scoláire, m.sh. taifeadtaí ó bhéal, téacs lámhscríofa, clóite, digiteach, téacsanna ilmhódacha, agus mar sin de. Laistigh de na paraiméadair a shocraítear sna treoirínite seo, is féidir leis an scoil, leis an mhúinteoir agus leis an scoláire raon na dtéamaí agus na n-ábhar do na measúnuithe a shocrú go neamhspleách.

An chaoi a dtacaíonn an scoil leis na Measúnuithe Rangbhunaithe a chur i gcrích

Tacaíonn an scoil leis na measúnuithe a chur i gcrích ar na bealaí seo a leanas:

- a chinntiú go dtugtar *Nuatheangacha lasachta na Sraithe Sóisearaí: Sonraíocht Churaclaim* agus *Treoirínthe do na Measúnuithe Rangbhunaithe* agus don *Tasc Measúnaithe* ó CNCM don mhúinteoir
- tacú leis an múinteoir na tuairisceoirí leibhéil a bronnadh ar gach scoláire a thaifeadh
- taifid agus saothair a choinneáil, de réir mar is cuí, chun críche an Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair
- na treoirínthe don Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair a chur i bhfeidhm
- tacú leis an múinteoir agus leis an scoláire an Tasc Measúnaithe a chur i gcrích
- cloí leis na socruithe a bhaineann leis na Tascanna Measúnaithe a chuirtear i gcrích a aistriú chuig Coimisiún na Scrúduithe Stáit lena marcáil
- cleachtais mheasúnaithe chuimsithigh a chur i bhfeidhm agus a chinntiú go mbeidh fáil ag gach scoláire ar an measúnú
- torthaí na Measúnuithe Rangbhunaithe a thuairisciú don scoláire agus a thuismitheoirí/chaomhnóirí mar chuid de nósanna imeachta tuairiscithe na scoile agus trí Phróifíl Gnóthachtála na Sraithe Sóisearaí.

D'fhonn aiseolas a chur ar fáil don scoláire agus é i mbun an mheasúnaithe, ba chóir breathnú ar an bpróiseas leis na Measúnuithe Rangbhunaithe a chur i gcrích mar chuid den phróiseas teagaisc agus foghlama, agus ní chun críche measúnú amháin. Tá sé i gceist go dtabharfaidh an múinteoir treoir agus tacaíocht don scoláire agus go ndéanfaidh sé maoirseacht air ó thús deireadh an phróisis.

D'fhéadfadh sé go mbeadh i gceist le tacaíocht:

- riachtanais an tasc a shoiléiriú
- samplaí anótáilte d'obair scoláirí a úsáid le brí agus le léirmhíniú na nGnéithe Cáilíochta a shoiléiriú don scoláire
- treoracha a chur ar fáil go rialta agus go straitéiseach le críochnú tráthúil na measúnuithe a éascú

- tacaíocht a chur ar fáil do scoláire ar bith a bhfuil riachtanais speisialta oideachais aige.

Tabhair faoi deara nach féidir glacadh ach le hobair an scoláire féin amháin i gcomhair measúnú i bPróifíl Gnóthachtála na Sraithe Sóisearaí.

Cleachtais mheasúnaithe chuimsithigh

Déanann scoileanna éascaíocht ar chleachtais mheasúnaithe chuimsithigh mar chuid de mheasúnú leanúnach nó mar chuid de Mheasúnuithe Rangbhunaithe. Sa chás go meastar i scoil go bhfuil sainriachtanas fisiciúil nó foghlama ag scoláire, is féidir oiriúntais réasúnta a chur i bhfeidhm chun tionchar an mhíchumais ar fheidhmiú an scoláire i Measúnuithe Rangbhunaithe a laghdú, a oiread agus is féidir. Ba chóir go mbeadh na hoiriúntais, m.sh. an tacaíocht a thugann cúntóir riachtanas speisialta nó tacaíocht teicneolaíochtaí cúntacha, ag teacht leis na socrúithe a chuir an scoil i bhfeidhm chun tacú le foghlaim an scoláire i rith na scoilbhliana.

Measúnuithe Rangbhunaithe i Nuatheangacha Iasachta

Is ann do dhá Mheasúnú Rangbhunaithe i Nuatheangacha Iasachta. Déantar iad a mheas ar leibhéal comónta. Baineann siad le torthaí foghlama sonracha agus tugann an scoláire fúthu laistigh de thréimhse shonraithe ama le linn am ranga de réir tráthchlár náisiúnta (arna chur in iúl ag CNCM) i rith fhéilire na scoile. Cuirfear an t-amchlár do na Measúnuithe Rangbhunaithe ar fáil sna hábhair uile go bliantúil ar www.curriculumonline.ie/Junior-cycle?lang=ga-ie.

Tar éis an dara measúnú, cuirfidh an scoláire Tasc Measúnaithe i gcrích, a dhéanfaidh Coimisiún na Scrúduithe Stáit a mharcáil mar chuid den scrúdú stáit i Nuatheangacha Iasachta. Tugtar breac-chuntas i dTábla 1 thíos ar na Measúnuithe Rangbhunaithe agus ar na hamanna táscaha le haghaidh Nuatheangacha Iasachta.

Tábla 1: Measúnuithe Rangbhunaithe le haghaidh Nuatheangacha Iasachta

Measúnú Rangbhunaithe	Leagan amach	Ullmhúchán an scoláire
Cumarsáid ó bhéal sa sprioctheanga	Cumarsáid duine aonair, cumarsáid i mbeirteanna nó cumarsáid i ngrúpaí ach agallamh, rólimirt, cur i láthair (a ngabhann seisiún ceisteanna is freagraí leis) nó comhrá mar fhreagra ar ábhar spreagthach	I rith trí seachtaine ar a mhéad, le tacaíocht agus treoir ón múinteoir
Punann Teanga an Scoláire	Trí mhír a roghnaíonn an scoláire óna bhailiúchán	Téacsanna a dhéantar de réir a chéile le tacaíocht agus treoir ón múinteoir

An Tasc Measúnaithe

Is tasc scríofa é an Tasc Measúnaithe a dhéanann an scoláire le linn an ranga. Ní mharcálann an múinteoir ranga é, ach cuirtear chuig Coimisiún na Scrúduithe Stáit é lena mharcáil mar chuid de scrúdú an stáit i Nuatheangacha Iasachta. Is í CNCM a shonraíonn an Tasc Measúnaithe agus bainfidh sé leis na torthaí foghlama a mbeidh an dara Measúnú Rangbhunaithe bunaithe orthu. Is é sin Punann Teanga an Scoláire i gcás Nuatheangacha Iasachta. Leagtar amach sonraí an Taisc Measúnaithe sna treoirlínte seo agus tugtar breac-chuntas orthu i dTábla 2 thíos.

Tábla 2: Tasc Measúnaithe le haghaidh Nuatheangacha Iasachta

	Leagan amach	Ullmhúchán an scoláire	Lena chur i gcrích
An Tasc Measúnaithe	Cuireann an scoláire tasc scríofa sonraithe i gcrích, a chuirtear faoi bhráid Choimisiún na Scrúduithe Stáit lena mharcáil. Beidh na ceisteanna agus na freagraí sa teanga scolaíochta ²	Beidh an Tasc Measúnaithe bunaithe ar Phunann Teanga an Scoláire	Tar éis an dara Measúnú Rangbhunaithe a chur i gcrích i mBliain 3

² Toisc gur dóigh go ndíreoidh an Tasc Measúnaithe ar an gcumas smaoineamh ar fhoghlaim teanga tá sé míréasúnach a bheith ag súil leis gur féidir le gach scoláire ag an aois seo agus ag an gcéim foghlama seo é a dhéanamh sa sprioctheanga. Is ionann an teanga scolaíochta agus an phríomhtheanga teagaisc agus foghlama sa scoil.

Measúnú Rangbhunaithe 1: Cumarsáid ó bhéal

Tá sé mar aidhm ag an Measúnú Rangbhunaithe, Cumarsáid ó Bhéal, scileanna an scoláire maidir le cur i láthair agus idirghníomhú ó bhéal a fhorbairt agus a fheabhsú.

Is é cuspóir an Mheasúnaithe Rangbhunaithe ná go dtaispeánfaidh an scoláire na scileanna táirgthe labhartha agus idirghníomhaithe labhartha. Mar sin féin, féadfar scileanna eile a fhorbairt, e.g. léitheoireacht, scríbhneoireacht, éisteacht, taighde bunúsach. Agus é ag cur na gníomhaíochta ó bhéal i gcrích féadfaidh an scoláire aon cheann de na formáidí seo a leanas a úsáid: agallamh, rólímirt, cur i láthair (agus seisiún ceisteanna agus freagraí ag gabháil leis), nó comhrá mar fhreagairt ar ábhar spreagthach. Don chumarsáid sin ó bhéal, díreoidh an scoláire ar ghné de thír(thíortha) nó chultúr na sprioctheanga; nó ar spreagthach d'eiseamláir i dtír sprioctheanga; nó ar topaic nó spreagthach spéise.

Nuatheangacha Iasachta na Sraithe Sóisearaí: Sonraíocht Churaclaim (2016)

Tá na príomhthorthaí foghlama a mheasúnófar trí **Chumarsáid ó bhéal** le fáil thíos, a léiríonn idirspéachas agus comhtháthú na snáitheanna. Beidh na torthaí foghlama ar a ndéanfar measúnú ag brath, méid áirithe, ar an bhformáid agus ar an topaic, ar an spreagthach nó ar an gcás rólimeartha a roghnóidh an scoláire.

Inniúlacht chumarsáideach - 1.1, 1.3, 1.9, 1.10, 1.11, 1.12, 1.13			
1.1 topaic ghinearálta an chomhrá a shainaithint i dtopaicí coitianta nuair a chuirtear in iúl í go soiléir	1.9 focail a fhuaimniú le go leor cruinnis agus le tuin chainte chú ionas go dtuigfear iad	1.11 idirghníomhú i ngnáth-chomhráite le fuaimniú agus le tuin chainte atá soiléir go leor ionas go dtuigfear é agus le teanga neamhbhriathartha chú	1.13 ceisteanna a chur agus a fhreagairt, agus smaointe, mothúcháin agus faisnéis a mhalartú ar thopaicí coitianta i gcúrsaí laethúla
1.3 faisnéis choitianta a aithint i dtéacsanna a bhaineann le topaicí coitianta amhail fógraí, comhráite, míreanna simplí nuachta	1.10 cur síos, cur i láthair nó fógraí simplí a chur in iúl ar thopaicí coitianta	1.12 leaganacha múinte simplí, amhail beannachtaí, buíochas agus cur in aithne, a úsáid i staideanna foirmiúla agus neamhfoirmiúla, agus freagairt go cuí dóibh	
Feasacht teanga – 2.1, 2.2, 2.3			
2.1 patrún teanga amhail ord na bhfocal, an córas briathra, ainmfhocail, aidiachtaí agus gnásanna litrithe agus poncaíochta a aithint agus cur síos a dhéanamh orthu agus iad a úsáid	2.2 an fhoghlaim teanga ar fad a chur i bhfeidhm ar ghníomhaíochtaí cruthaitheacha, amhail dánta simplí, póstaer, cur i láthair, cluichí agus drámaíocht a tháirgeadh	2.3 an chaoi a dtéann gnásanna inscne agus sóisialta i bhfeidhm ar úsáid na sprioctheanga a aithint	

Eolas soch-chultúrtha agus feacht idirchultúrtha – 3.1, 3.4, 3.7		
3.1 roinnt gnéithe de thír/thíortha na sprioctheanga, amhail gnéithe geografacha, an aimsir, áiteanna agus sainchomharthaí agus bia, a ainmniú agus cur síos a dhéanamh orthu	3.4 roinnt gnéithe de thír/thíortha na sprioctheanga a shainaithint agus a mhíniú i réimsí amhail an saol laethúil, caidreamh idirphearsanta, gnásanna agus iompraíocht, gnásanna sóisialta	3.7 cosúlachtaí agus difríochtaí a anailísiú i dtaca le saol a phiaraí i dtír/dtíortha na sprioctheanga i réimsí den saol laethúil agus iad a chur i láthair ag úsáid raon meán


Tá dhá réimse gníomhaíochta i gceist leis an measúnú ar Chumarsáid ó bhéal: ullmhúchán agus cumarsáid. Díreoidh ullmhúchán go príomha ar idirghníomhú ó bhéal agus cluasidirghníomhú sa sprioctheanga, ag forbairt foghlaim teanga an scoláire go dtí seo. B'fhéidir go mbainfeadh an scoláire tairbhe as a bheith ag éisteacht agus ag léamh téacsanna freisin sa sprioctheanga rud a thacóidh lena ullmhúchán dá Chumarsáid ó Bhéal. Taispeánfar fianaise ar an ullmhúchán i rith na Cumarsáide ó Bhéal féin. Beidh idirghníomhú ag an múinteoir leis an scoláire i rith a Chumarsáide ó Bhéal lena chinntiú go dtaispeánfar scileanna táirgthe labhartha agus idirghníomhaithe labhartha agus chun tuiscint agus cumas an scoláire freagairt do cheisteanna simplí, gan script a thomhas, ag leibhéal a bheidh oiriúnach don aois seo agus don chéim foghlama teanga.

Cuireann an Measúnú Rangbhunaithe i gCumarsáid ó Bhéal rannpháirtíocht an scoláire chun cinn trí

- topaic, spreagthach nó cás rólimeartha ar a ndíreoidh sé a roghnú
- rogha formáidí cumarsáide
- na féidearthachtaí maidir le comhoibriú an scoláire, lena n-áirítear, nuair is iomchuí, obair i mbeirteanna nó cur i láthair grúpa ina mbeidh ról stuama le himirt ag gach ball den ghrúpa. Ba cheart go mbeadh dóthain scoláirí i ngrúpa go mbeidh deis ag gach ball rannchuidiú go haonair leis an measúnú.

Leagtar amach i bhFíor 1 an próiseas a bhaineann le Measúnú Rangbhunaithe a dhéanamh. Is é aidhm an phróisis seo treoir a thabhairt don mhúinteoir de réir mar a thacaíonn sé lena scoláire a Mheasúnuithe Rangbhunaithe a chur i gcrích.

Fíor 1: An Próiseas maidir le Measúnú Rangbhunaithe a dhéanamh



Ag ullmhú



Ullmhúchán an scoláire

Is é an t-ullmhúchán is éifeachtaí don Mheasúnú Rangbhunaithe do Chumarsáid ó Bhéal ná úsáid leanúnach as an sprioctheanga agus rannpháirtíocht rialta i ngníomhaíochtaí cumarsáide éagsúla, laistÚsáidigh agus lasmuigh den seomra ranga ón gcéad bhliain. De réir a chéile éiríonn an scoláire cleachtach ar chumarsáid ag úsáid formáidí éagsúla, lena n-áirítear agallamh, rólímirt, cur i láthair agus freagairt do spreagthach ach níl siad teoranta dóibh sin. Toisc gurb é is aidhm don mheasúnú seo tuilleadh muiníne agus inniúlachta a fhorbairt i gcumarsáid ó bhéal, ba cheart go spreagfaí an scoláire chun triail a bhaint as a chumarsáid ó bhéal trí idirghníomhú le scoláirí eile, nó le fearas taifeadta. Cé go bhfuil an Measúnú Rangbhunaithe suimitheach, tá luach foirmitheach aige agus ba chóir é a úsáid mar uirlis chun aiseolas a thabhairt don scoláire, do thuismitheoirí agus don mhúinteoir ar dhul chun cinn agus ar fhoghlaim an scoláire. Ag céim chuí dá fhoghlaim teanga, ba chóir go mbeadh cur amach ag an scoláire ar na Gnéithe Cáilíochta a úsáidtear le cáilíocht a chuid cumarsáide ó bhéal a mheas.

Cé go mbeidh cumarsáid ó bhéal ina cuid den fhoghlaim agus den teagasc ó lá go lá thar thrí bliana na sraithe sóisearaí, déanfaidh an scoláire an t-ullmhúchán dá Mheasúnú Rangbhunaithe i gCumarsáid ó Bhéal agus cuirfidh sé i gcrích é i rith tréimhse ama sainithe a thógfaidh suas le trí seachtaine laistigh d'am ranga de réir tráthchlár náisiúnta. Comhlánóidh gach scoláire Nóta ar Mhachnamh an Scoláire i ndiaidh an mheasúnaithe (féach Aguisín A). Is ionann an nóta a líonadh isteach agus dearbhú an scoláire faoin ról a bhí aige sa mheasúnú. Tugtar an nóta don mhúinteoir.

Má aontaíonn an múinteoir, féadfaidh an scoláire comhoibriú lena chomrádaithe sa rang chun formáid a roghnú, agus ansin pleanáil don Mheasúnú Rangbhunaithe, ullmhú dó agus a bheith rannpháirteach ann mar chuid de bheirt nó grúpa ina mbeidh ról suntasach ag gach ball. Ní mór do gach scoláire, áfach, Nóta **dá chuid féin** ar Mhachnamh an Scoláire a líonadh isteach.

Cé go ndéanann an múinteoir monatóireacht ar an gcéim seo den tasc, is é an scoláire féin a dhéanann an t-ullmhúchán, ar bhonn aonair nó ag idirghníomhú agus ag comhoibriú go gníomhach, stuama mar chuid de bheirt nó mar chuid de ghrúpa. Roghnóidh an scoláire topaic, spreagthach nó cás rólimeartha ag tús na tréimhse ullmhúcháin trí seachtaine; ceann nár chleacht nó nár ullmhaigh siad roimhe seo.

Ullmhúchán an mhúinteora

D'fhonn ullmhú don Mheasúnú Rangbhunaithe, ba cheart don mhúinteoir eolas a chur ar na cáipéisí seo a leanas:

- sonraíocht churaclaim Nuatheangacha Iasachta na Sraithe Sóisearaí
- Uirlisí don Mheasúnú
- samplaí anótáilte de shaothar scoláirí.

D'fhéadfadh múinteoir amháin nó níos mó a bheith ag múineadh nuatheanga(cha) iasachta do scoláirí na sraithe sóisearaí i scoil ar leith. Scríobhadh an t-eolas thíos chun aghaidh a thabhairt ar chruinnithe Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair agus aird ar na comhthéacsanna difriúla sin.

Scoileanna ina bhfuil níos mó ná múinteoir amháin ag múineadh na nuatheanga iasachta³

Tugtar faoi Mheasúnú Rangbhunaithe 1 *Cumarsáid ó Bhéal* sa tréimhse trí seachtaine a ordáíonn CNCM. Moltar go bpléadh múinteoirí Nuatheangacha Iasachta an measúnú lena gcomhghleacaithe, agus go bpleanáilfaidís an teagasc agus an t-athbhreithniú le chéile. Beidh sé tábhachtach na hamanna agus na dátaí chun tabhairt faoin measúnú a shocrú a luaithe is féidir. Moltar go socrófaí dáta le haghaidh cruinniú Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair le haghaidh teanga shonrach ag an tús ar fad chun cabhrú leis an Measúnú Rangbhunaithe a phleanáil, a chur i bhfeidhm agus a athbhreithniú. Tar éis don scoil an dáta sin a shocrú, beidh na múinteoirí agus na scoláirí in ann ullmhú chun an Measúnú Rangbhunaithe *Cumarsáid ó bhéal* a chur i gcrích. Caithfear an Measúnú Rangbhunaithe sin a chur i gcrích faoi dheireadh an dara bliain.

Má tá múinteoir nuatheanga iasachta ag scoil nach bhfuil ag múineadh an chohóirt scoláirí atá ag tabhairt faoina measúnú rangbhunaithe (.i. an dara bliain), féadfaidh an múinteoir sin páirt a ghlacadh i gcruinniú athbhreithnithe ar fhoghlaim agus ar mheasúnú ábhair lena chomhghleacaí/chomhghleacaithe. Ní bheidh samplaí de shaothar scoláirí ag an múinteoir sin ón gcóhóirt scoláirí seo chun tabhairt chuig an gcruinniú.


Scoileanna ina bhfuil múinteoir amháin ag múineadh na nuatheanga iasachta

Tugtar faoi Mheasúnú Rangbhunaithe 1 sa tréimhse trí seachtaine a ordáíonn CNCM. I scoil ina bhfuil múinteoir amháin don nuatheanga iasachta seo, moltar go bpléifeadh an múinteoir na socruithe measúnaithe lena éascaitheoir/le lucht bainistíochta na scoile ag féachaint le dul i dteagmháil le múinteoirí na nuatheanga iasachta céanna i scoileanna eile, atá gar dóibh más féidir, agus comhordú leo. Is féidir leis an múinteoir aon teagasc agus foghlaim a theastódh a phleanáil ansin agus, i gcomhar

³ Curtha isteach 31/05/2018 chun soiléiriú a thabhairt ar chruinnithe AFMÁ a bhaineann le teanga shonrach.

lena chomhghleacaithe ó scoileanna eile, dáta a chomhaontú do chruinniú Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair le haghaidh teanga shonrach. Beidh sé tábhachtach na hamanna agus na dátaí chun tabhairt faoin measúnú a chomhaontú a luaithe is féidir, agus foirne bainistíochta na scoileanna ar fad a chur ar an eolas faoi na dátaí sin. Moltar go socrófaí dáta le haghaidh an Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair ag an tús ar fad chun cabhrú leis an Measúnú Rangbhunaithe a phleanáil, a chur i bhfeidhm agus a athbhreithniú. Nuair is féidir, ba cheart do scoil amháin an cruinniú Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair a reáchtáil, agus ba cheart don scoil sin an t-éascaitheoir a sholáthar freisin. Má úsáidtear scoil, ba cheart láthair an chruinnithe a athrú ó scoil go scoil gach bliain. Ach d'fhéadfaí ionaid eile a úsáid, má chomhaontaíonn gach duine air sin. Tar éis an dáta a shocrú, beidh na múinteoirí agus na scoláirí in ann ullmhú chun an Measúnú Rangbhunaithe a chur i gcrích. Toisc go bhfuil scoileanna nach bhfuil ach múinteoir amháin don teanga sin iontu ag tabhairt faoin Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair le chéile, ba cheart tréimhse choiteann a chomhaontú ón tús.

Measúnú Rangbhunaithe 1 a Chur i gCrích: Cumarsáid ó bhéal



Agus an Measúnú Rangbhunaithe seo á chur i gcrích aige féadfaidh an scoláire **aon cheann** de na formáidí i dTábla 4 thíos a roghnú. Mar threoir, ba cheart go mairfeadh Cumarsáid ó Bhéal idir trí agus ceithre nóiméad, lena n-áirítear **ceisteanna, leideanna agus/nó rannpháirtíocht neamhscripithe an mhúinteora**, agus am don scoláire sos a ghlacadh, smaoineamh, fuaimniú a fhéincheartú, iarraidh go ndéanfaí ceist a athcheapadh, srl. I gcás tasc beirte nó grúpa, ba cheart go mairfeadh Cumarsáid ó Bhéal sách fada chun deis a thabhairt do gach scoláire a bheith rannpháirteach go stuama. Déantar táirgeadh labhartha agus idirghníomhú labhartha a mheasúnú i ngach formáid. D'fhéadfadh baint ar bhealach éigin a bheith ag an topaic, ag an ábhar spreagthach nó ag an gcás rólimeartha a roghnaíonn an scoláire le tír agus/nó cultúr na sprioctheanga.

Tábla 4: Formáidí an Mheasúnaithe Rangbhunaithe i gCumarsáid ó Bhéal

1. Agallamh	Roghnaíonn scoláire, beirt nó grúpa topaic nó réimse spéise agus tabharfaidh sé freagra ar cheisteanna a chuirfidh an múinteoir, agus gach duine eile i mbeirt nó i socrú grúpa, maidir leis an topaic nó an spéis sin. Beidh cuid de na ceisteanna a chuirfidh an múinteoir neamhscripithe.
2. Rólimirt	Roghnaíonn scoláire, beirt nó grúpa cás rólimeartha, cosúil le saoire a chur in áirithe, turas siopadóireachta nó ag idirghníomhú le hóst-teaghlach. I rith an rólimeartha, beidh an scoláire ag idirghníomhú le scoláirí eile agus/nó leis an múinteoir. Tacaíonn an múinteoir leis an rólimirt le ceisteanna neamhscripithe.
3. Cur i láthair	Roghnaíonn scoláire, beirt nó grúpa topaic nó réimse spéise agus déanfaidh sé cur i láthair maidir leis an topaic nó an spéis sin. Féadfaidh an scoláire meáin agus/nó frapaí a úsáid. Cuireann an múinteoir ceisteanna neamhscripithe i ndiaidh an chur i láthair.
4. Comhrá mar fhreagra ar ábhar spreagthach	Roghnaíonn scoláire, beirt nó grúpa ábhar spreagthach – amharciómhána, téacs scríofa, cluastéacs, frapaí, agus mar sin – a spreagfaidh nó a threoróidh cumarsáid ó bhéal. Má tá an comhrá idir beirt scoláirí nó níos mó, cuirfidh an múinteoir ceisteanna neamhscripithe ina dhiaidh; beidh ceisteanna neamhscripithe mar chuid de chomhrá idir múinteoir agus scoláire/scoláirí.

Tabhair faoi deara go gcuireann an mhúinteoir roinnt ceisteanna, beag beann ar an bhformáid a roghnaítear, chun tuiscint agus cumas an scoláire freagra a thabhairt ar cheisteanna simplí, gan script a thomhas, a bheidh oiriúnach don aois agus don chéim foghlama teanga.

Cumarsáid ó bhéal: Comhairle don scoláire

Déanfaidh do mhúinteoir monatóireacht ar an ullmhúchán don mheasúnú seo agus tacóidh sé leis.

Beidh saoirse agat formáid a roghnú ó na roghanna a thabharfar agus topaic/cás rólimeartha/spreagthach ar spéis leat é, ag cur na nithe seo a leanas san áireamh:

- cuimhnigh gur tasc cumarsáide ó bhéal é seo, mar sin smaoinigh ar conas a dhéanfaidh tú cumarsáid agus idirghníomhú le do mhúinteoir agus/nó comrádaithe ranga
- cuirfead roinnt ceisteanna simplí, gan script ort agus féadfaidh tú iarraidh ar do mhúinteoir ceist a chur arís nó a chur ar bhealach eile mura dtuigeann tú í.

Má aontaíonn do mhúinteoir, féadfaidh tú comhoibriú le comrádaithe ranga ar na bealaí seo a leanas:

- formáid a roghnú, ag pleanáil, ag ullmhú agus ag idirghníomhú
- a bheith rannpháirteach sa chumarsáid mar chuid de ghrúpa ina mbeidh ról le himirt ag gach ball.

I ndiaidh do Chumarsáide ó Bhéal líonfaidh tú isteach Nóta scríofa maidir le Machnamh an Scoláire. Áireofar leis sin cuntas den ról a bhí agat féin agus na hábhair nó na foinsí a rochtain tú i rith do chuid ullmhúcháin agus machnamh gearr pearsanta ar do Chumarsáid ó Bhéal.

Fiú amháin má chomhoibríonn tú le do chomrádaithe sa rang maidir leis an gCumarsáid ó Bhéal, ní mó duit do Nóta *féin* ar Machnamh an Scoláire a líonadh isteach.

An leibhéal gnóthachtála a chinneadh: Cumarsáid ó bhéal



Déantar cur síos anseo ar na Príomhghnéithe Cáilíochta a thacaíonn le breithiúnas an scoláire agus an mhúinteora i gcomhair Cumarsáid ó Bhéal. Is iad na Gnéithe Cáilíochta na critéir a úsáidfear lena mheas cén ceann de na tuairisceoirí thíos is fearr a oireann d'obair an scoláire: Tá siad ag teacht den chuid is mó le banda A (A1 go A2, úsáideoir bunúsach) den Chreat Comhchoiteann Tagartha Eorpach le haghaidh Teangacha. **Líonfaidh an scoláire cumarsáid ó bhéal isteach i dtreo dheireadh bhliain a dó agus beidh na hionchais maidir leis an gcaighdeán a bhainfidh sé amach ag leibhéal a bheidh oiriúnach dá aois agus dá thaithí ag an gcéim sin ina chuid foghlama teanga sa tsraith shóisearach.**

Cuirfear na Gnéithe Cáilíochta seo i bhfeidhm ar shamplaí barantúla d'obair scoláirí. Ag eascairt ón bpróiseas seo

- D'fheadfaí leasuithe a dhéanamh ar na Gnéithe Cáilíochta
- Foilseofar Gnéithe Cáilíochta leasaithe mar is cuí, sna treoirínite measúnaithe
- Foilseofar samplaí anótáilte d'obair scoláirí ar www.curriculumonline.ie

Na Gnéithe Cáilíochta: Cumarsáid ó bhéal sa sprioctheanga	
<p>Thar barr ar fad</p> <p>Saothar ina léirítear na gnéithe seo ar chaighdeán an-ard. Tá níos mó láidreachtaí ná lochtanna ag baint leis an saothar.</p>	<p>Táirgeadh labhartha: tá cumarsáid an scoláire an-soiléir, le líofacht, cruinneas agus raon foclóra an-mhaith</p> <p>Idirghníomhú labhartha: tuigeann an scoláire agus tugann sé freagra soiléir gan aon iarracht mhíchuí ar cheisteanna/leideanna</p> <p>Feasacht teanga: taispeánann an scoláire feasacht an-mhaith ar patrúin agus gnásanna teanga agus déanann sé féincheartú más cuí</p>
<p>Os cionn na n-ionchas</p> <p>Saothar ina léirítear na gnéithe seo go han-mhaith. Léiríonn an scoláire tuiscint shoiléir ar an gcaoi le gach réimse den tasc a chur i gcrích. D'fhéadfadh sé go dtabharfaí aiseolas á rá gur gá tuilleadh airde a dhíriú ar ghnéithe áirithe den saothar, ach tá sé ar ardchaighdeán ar an iomlán.</p>	<p>Táirgeadh labhartha: tá cumarsáid an scoláire soiléir, le líofacht, cruinneas agus raon foclóra maith</p> <p>Idirghníomhú labhartha: taispeánann an scoláire tuiscint mhaith agus tugann sé freagra soiléir ar cheisteanna/leideanna a chuirtear in iúl go mall agus go soiléir</p> <p>Feasacht teanga: taispeánann an scoláire feasacht mhaith ar patrúin agus gnásanna teanga agus déanann sé féincheartú anois is arís, más cuí</p>
<p>Ag teacht leis na hionchais</p> <p>Saothar ina léirítear bunús na ngnéithe seo go maith. Léiríonn sé go raibh tuiscint mhaith ag an scoláire ar an tasc. D'fhéadfadh sé go gcuirfeadh an t-aiseolas in iúl gur gá tuilleadh airde a dhíriú ar réimsí áirithe, ach tá an obair inniúil den chuid is mó.</p>	<p>Táirgeadh labhartha: tá cumarsáid an scoláire sách soiléir le go dtuigfí í, le líofacht, cruinneas agus raon foclóra teoranta</p> <p>Idirghníomhú labhartha: taispeánann an scoláire roinnt tuisceana agus tugann sé freagra soiléir, den chuid is mó, ar cheisteanna/leideanna fad is a chuirtear in iúl iad go mall agus go soiléir</p> <p>Feasacht teanga: taispeánann an scoláire feasacht theoranta maidir le patrúin agus gnásanna teanga</p>
<p>Níor chomhlíon na hionchais go fóill</p> <p>Saothar nach gcomhlíonann riachtanais an Mheasúnaithe Rangbhunaithe ná na ngnéithe lena mbaineann. B'fhéidir go ndearna an scoláire iarracht mhaith, ach níor thuig sé a raibh i gceist leis an tasc i ndáiríre nó tá sé curtha ó mhaith ag botúin nach beag. Tarraingeoidh an t-aiseolas aird ar na heasnaimh bhunúsacha ar gá iad a chur ina gceart.</p>	<p>Táirgeadh labhartha: tá cumarsáid an scoláire doiléir go minic agus teoranta d'fhocail agus frásaí an-bhunúsach</p> <p>Idirghníomhú labhartha: is beag tuisceana a thaispeánann an scoláire ar cheisteanna/leideanna nó ní thugann sé freagra ach go beag ar cheisteanna/leideanna a chuirtear in iúl go mall agus go soiléir</p> <p>Feasacht teanga: ní thaispeánann an scoláire feasacht ach go beag más ann dó in aon chor le patrúin agus gnásanna teanga</p>

Líonfaidh an scoláire cumarsáid ó bhéal isteach i dtreo dheireadh bhliain a dó agus beidh na hionchais maidir leis an gcaighdeán a bhainfidh sé amach ag leibhéal a bheidh oiriúnach dá aois agus dá thaithí ag an gcéim sin ina chuid foghlama teanga sa tsraith shóisearach.

Na chéad chéimeanna eile



Cruinniú Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair

Gheobhaidh comhaltaí foirne comhthuiscint ar chaighdeán na sraithe sóisearaí trí phlé gairmiúil a dhéanamh sna cruinnithe Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair, áit a dtabharfaidh na comhaltaí foirne samplaí d'obair scoláirí isteach agus a gcuirfidh siad a mbreithiúnais féin i gcomparáid le breithiúnais comhghleacaithe eile, le samplaí anótáilte d'obair scoláirí arna gcur ar fáil ag CNCM. Le himeacht ama, is mar thoradh ar an bpróiseas sin a gheofar tuiscint níos fearr ar na caighdeáin agus a chinnteofar go ndéantar feidhmíocht an scoláire a mheas ar bhonn comhsheasmhach.

Taifeadfar samplaí de Chumarsáid ó Bhéal na scoláirí a úsáidfear i gcomhair plé ag na cruinnithe Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair. Teastóidh sampla ó gach ceann de cheithre leibhéal na dtuairisceoirí, nuair is féidir, chun na críche sin. Féadfar aon fhearas taifeadta fuaimne nó closamhairc atá ar fáil sa scoil, ar nós táibléid, fón póca, ríomhaire glúine nó físcéamara, a úsáid chun na críche sin. Ba chóir aird a thabhairt ar threoiríní cosanta leanaí fad is atá an taifeadadh ar siúl agus go mbeadh sé ag teacht le beartas úsáide inghlactha na scoile. **Is féidir teacht ar thuilleadh sonraí faoin gcruinniú Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair a bhainistiú agus faoi pháirt a ghlacadh ann san Aguisín agus tá siad ar fáil ar líne ar www.ncca.ie.**

Tar éis an Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair déanfaidh gach múinteoir athmhachnamh ar a bhreithiúnas ar obair a scoláire bunaithe ar thorthaí an chruinnithe agus, nuair is gá, déanfaidh sé na hathruithe cuí chun an leibhéal gnóthachtála a bronnadh ar an saothar ar an gcéad dul síos a chur ina cheart. Úsáidtear na tuairisceoirí a bhronntar chun dul chun cinn agus gnóthachtáil a thuairisciú do thuismitheoirí agus don scoláire mar chuid de nósanna imeachta tuairiscithe na scoile agus trí Phróifíl Gnóthachtála na Sraithe Sóisearaí.

Torthaí an Mheasúnaithe Rangbhunaithe a Thaifeadh agus a Thuairisciú

Tar éis an Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair déanfaidh gach múinteoir athmhachnamh ar bhreithiúnas ar obair a scoláire bunaithe ar thorthaí an chruinnithe agus, nuair is gá, déanfaidh sé na hathruithe cuí chun an leibhéal gnóthachtála a bronnadh ar an saothar ar an gcéad dul síos a chur ina cheart. Úsáidtear na tuairisceoirí chun dul chun cinn agus gnóthachtáil a thuairisciú do thuismitheoirí agus don scoláire mar chuid de nósanna imeachta tuairiscithe leanúnacha na scoile agus trí Phróifíl Gnóthachtála na Sraithe Sóisearaí.

Sa chás nach gcuireann scoláire aon obair isteach dá Mheasúnú Rangbhunaithe, ní féidir tuairisceoir a bhronnadh, toisc nach féidir obair a phlé i gcomparáid leis na Gnéithe Cáilíochta. Sa chás sin, ba chóir ‘Neamhthuairiscithe’ a roghnú nuair atá torthaí á gcur isteach i bPróifíl Gnóthachtála na Sraithe Sóisearaí. Tá tuilleadh eolais faoi tuairisceoirí an Mheasúnaithe Rangbhunaithe a thuairisciú do Phróifíl Gnóthachtála na Sraithe Sóisearaí ar fáil ón Roinn Oideachais agus Scileanna ar: [https://www.education.ie/ga/Scoileanna-](https://www.education.ie/ga/Scoileanna-Col%C3%A1ist%C3%AD/Seirbh%C3%ADs%C3%AD/Tuairisce%C3%A1in/An-Tionscadal-Bunachar-Sonra%C3%AD-ar-L%C3%ADne-d%E2%80%99Iar-Bhunscoileanna-P-POD-/P-POD.html)

[Col%C3%A1ist%C3%AD/Seirbh%C3%ADs%C3%AD/Tuairisce%C3%A1in/An-Tionscadal-Bunachar-Sonra%C3%AD-ar-L%C3%ADne-d%E2%80%99Iar-Bhunscoileanna-P-POD-/P-POD.html](https://www.education.ie/ga/Scoileanna-Col%C3%A1ist%C3%AD/Seirbh%C3%ADs%C3%AD/Tuairisce%C3%A1in/An-Tionscadal-Bunachar-Sonra%C3%AD-ar-L%C3%ADne-d%E2%80%99Iar-Bhunscoileanna-P-POD-/P-POD.html)

Aiseolas a úsáid

Céim ríthábhachtach is ea aiseolas éifeachtach a chur ar fáil i dtaobh Cumarsáid ó Bhéal a úsáid le tacú leis an bhfoghlaim. Cuirfear an scoláire ar an eolas faoin tuairisceoir a bronnadh air díreach tar éis an chruinnithe Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair agus tar éis torthaí an chruinnithe sin a phróiseáil. Bíodh sin mar atá, bíonn níos mó i gceist leis an aiseolas ná an tuairisceoir a bronnadh ar an scoláire a chur in iúl dó. Féadtar aiseolas ar láidreachtaí obair an scoláire, agus ar réimsí ar gá iad a fheabhsú, a úsáid le tacú leis an bhfoghlaim amach anseo. Tá tuilleadh eolais faoi úsáid aiseolais le fáil ag <http://juniorcycle.ie/Assessment>.

Toradh a cheistiú

Is í an scoil a dhéanfaidh plé le ceisteanna i ndáil leis na tuairisceoirí a bhronntar ar Mheasúnuithe Rangbhunaithe, nuair a thagann a leithéid chun cinn.

Measúnú Rangbhunaithe 2: Punann Teanga an Scoláire

Áireofar i bpunann teanga an scoláire raon leathan míreanna, amhail téacsanna scríofa, tionscadail, ábhair fuaime/físe, taifid foghlama, machnamh an scoláire agus spriocanna foghlama. Aithnítear gur féidir, sa chomhthéacs seo, téacsanna cruthaithe an scoláire a chur i láthair i bhformáidí difriúla – scríofa de lámh, digiteach, ilmhódach agus mar sin de. Gnóthóidh an scoláire a lán eolais as próiseas an tsealbhaithe teanga nuair a thugtar treoir dó faoin gcaoi le punann a úsáid chun a chuid foghlama a bhreacadh síos agus chun machnamh a dhéanamh uirthi. Caithfidh sé éirí muiníneach ag idirghníomhú agus ní mór dó feasacht a fhorbairt ar an bpróiseas sealbhaithe teanga.

Nuatheangacha lasachta na Sraithe Sóisearaí: Sonraíocht churaclaim (2016)

Tá na príomhthorthaí foghlama a mheasúnófar trí **Phunann Teanga an Scoláire** le fáil thíos, a léiríonn idirspéachas agus comhtháthú na snáitheanna. Beidh na torthaí foghlama ar a ndéanfar measúnú ag brath, méid áirithe, ar na téacsanna a roghnóidh an scoláire le cur isteach i gcomhair measúnú.

Inniúlacht chumarsáideach - 1.9, 1.10, 1.11, 1.17, 1.19, 1.20, 1.22		
1.9 focail a fhuaimniú le go leor cruinnis agus le tuin chainte chuí ionas go dtuigfear iad	1.17 focail a scríobh agus abairtí gearra a chruthú go cruinn ar thopaicí laethúla ach meáin éagsúla (ríomhphoist, litreacha, blaganna, cártaí poist...) a úsáid	1.20 tuairiscí gearra a scríobh faoi imeachtaí, faoi ghníomhaíochtaí agus faoi thaithí phearsanta a tharla san am atá thart, atá ag tarlú faoi láthair nó a tharlóidh amach anseo, mar aon le téacsanna samhlaíocha a scríobh
1.10 cur síos, cur i láthair nó fógraí simplí a chur in iúl ar thopaicí coitianta		
1.11 idirghníomhú i ngnáth-chomhráite le fuaimniú agus le tuin chainte atá soiléir go leor ionas go dtuigfear é agus le teanga neamhbhriathartha chuí	1.19 téacsanna a chruthú faoi ghnéithe dá shaol agus faoi thopaicí a bhfuil spéis aige iontu, amhail teaghlach agus cairde, an scoil, laethanta saoire, gníomhaíochtaí fóillíochta, faisean, spórt, daoine mór le rá	1.22 téacsanna a tháirgeadh agus a chur in eagar agus idirghníomhú le daoine eile ag scríobh agus teicneolaíochtaí digiteacha cuí in úsáid
Feasacht teanga – 2.1, 2.2, 2.7		
2.1 patrúin teanga amhail ord na bhfocal, an córas briathra, ainmfhocail, aidiachtaí agus gnásanna litrithe agus poncaíochta a aithint agus cur síos a dhéanamh orthu agus iad a úsáid	2.2 an fhoghlaim teanga ar fad a chur i bhfeidhm ar ghníomhaíochtaí cruthaitheacha, amhail dánta simplí, póstaear, cur i láthair, cluichí agus drámaíocht a tháirgeadh	2.7 monatóireacht agus measúnú a dhéanamh ar a fhoghlaim féin ach úsáid a bhaint as aiseolas a fhaigheann sé chun machnamh a dhéanamh ar ar gá dó a dhéanamh chun feabhas a chur air agus spriocanna a leagan síos le haghaidh feabhais

Eolas soch-chultúrtha agus feasacht idirchultúrtha – 3.1, 3.2, 3.4, 3.7, 3.8			
3.1 roinnt gnéithe de thír/thíortha na sprioctheanga, amhail gnéithe geografacha, an aimsir, áiteanna agus sainchomhartha í agus bia, a ainmniú agus cur síos a dhéanamh orthu	3.2 fíricí agus figiúirí a bhaineann le tír/tíortha na sprioctheanga a aimsiú agus a úsáid, mar shampla, sonraí staitistiúla, féilte, aireagáin, daoine cáiliúla	3.4 roinnt gnéithe de thír/thíortha na sprioctheanga a shainithint agus a mhíniú i réimsí amhail an saol laethúil, caidreamh idirphearsanta, gnásanna agus iompraíocht, gnásanna sóisialta	3.7 cosúlachtaí agus difríochtaí a anailísiú i dtaca le saol a phiaraí i dtír/dtíortha na sprioctheanga i réimsí den saol laethúil agus iad a chur i láthair ag úsáid raon meán
			3.8 comparáid a dhéanamh idir gnéithe lena mbaineann spéis phearsanta i dtír/dtíortha na sprioctheanga agus na gnéithe sin ina tír féin, iad a chur i gcodarsnacht le chéile, agus iad a chur i láthair ach meán éagsúla a úsáid

Cuireann Punann Teanga an Scoláire rannpháirtíocht an scoláire chun cinn

- nuair a fhorbraíonn an scoláire téacsanna trí bheith ag gabháil d'éagsúlacht leathan ábhar spreagthach
- nuair a bhíonn deiseanna chun comhoibrithe ag an scoláire
- nuair a dhéanann an scoláire machnamh ar a chuid foghlama féin sa teanga

Cé go dtosaíonn an scoláire ag cur punann dá chuid foghlama teanga le chéile ón gcéad bhliain ar aghaidh, ní féidir ach amháin téacsanna (ó bhéal, scríofa, digiteach) a chruthaítear sa dara agus sa tríú bliain dá shraith shóisearach a chur isteach ar mhaithe le measúnú agus tuairisciú a dhéanamh i bPróifíl Gnóthachtála na Sraithe Sóisearaí (PGSS).

Ag ullmhú



Ullmhúchán an scoláire

Moltar sa tsonraíocht go bhforbródh an scoláire a phunann de réir a chéile le comhairle agus treoir ón múinteoir. I bhformhór na gcásanna, tiocfaidh saothar i bpunann an scoláire as gnáthobair ranga. Mar sin d'fhéadfadh scoláire iontráil blag nó ríomhphost simplí a scríobh, nó d'fhéadfadh sé físeán gearr a dhéanamh, agus ansin an píosa saothair sin a roghnú le cur isteach sa phunann. Má mheasann an scoláire, ag tráth níos déanaí, go bhfuil píosa saothair eile ar chaighdeán níos fearr, ansin féadfar an

píosa sin a chur leis an bpíosa eile nó é a chur ina áit. Cuidíonn an phunann leis an scoláire teacht i dtír ar a fhoghlaim teanga agus feasacht chultúrtha a fhorbairt; chun léiriú a thabhairt ar a fhorbairt teanga agus chun muinín a fhorbairt ina chumas cumarsáideach sa sprioctheanga. Nuair a fhorbraítear punann teanga cuidítear freisin chun príomhscileanna a fhorbairt amhail a bheith cruthaitheach, agus faisnéis agus smaointeoireacht a bhainistiú.

Díreofar an ghníomhaíocht ar raon téacsanna a chruthú ina bhféadfaí míreanna mar iad seo a leanas a áireamh: píosaí gearra de scríbhneoireacht thuairisciúil (lámhscríofa nó digiteach) a bhaineann le saol an scoláire féin nó le tíortha/cultúr na sprioctheanga; ar obair thionscadail maidir le gnéithe de thíortha/chultúr na sprioctheanga; cartúin lena ngabhann téacs; gearrthóga fuaime nó físe; blaganna nó ríomhphoist; scéal simplí nó sleachta dialainne; píosaí léiritheacha (cosúil le dán). Tabhair faoi deara nach bhfuil an liosta míreanna a mholtar anseo beartaithe le bheith ina liosta uileghabhálach, ach úsáidtear é lena thabhairt le fios gur cheart do phunann an scoláire a bheith ina punann éagsúil.

Cé go bhfuil an Measúnú Rangbhunaithe suimitheach, tá luach foirmitheach aige agus ba chóir é a úsáid mar uirlis chun aiseolas a thabhairt don mhúinteoir, don scoláire agus do thuismitheoirí ar dhul chun cinn agus ar fhoghlaim an scoláire. Nuair is iomchuí, tugann an múinteoir aiseolas don scoláire sa sprioctheanga agus/nó sa teanga scolaíochta. Ag céim chúí dá fhoghlaim teanga, ba chóir go mbeadh cur amach ag an scoláire ar na Gnéithe Cáilíochta a úsáidtear le cáilíocht a chuid oibre sa réimse seo a mheas.

Ullmhúchán an mhúinteora

D'fhonn ullmhú don Mheasúnú Rangbhunaithe, ba cheart don mhúinteoir eolas a chur ar na cáipéisí seo a leanas:

- Sonraíocht churaclaim Nuatheangacha Iasachta na Sraithe Sóisearaí
- Uirlisí don Mheasúnú
- samplaí anótáilte de shaothar scoláirí.

D'fhéadfadh múinteoir amháin nó níos mó a bheith ag múineadh nuatheanga(cha) iasachta do scoláirí na sraithe sóisearaí i scoil ar leith. Scríobhadh an t-eolas thíos chun aghaidh a thabhairt ar chruinnithe Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair agus aird ar na comhthéacsanna difriúla sin.

Scoileanna ina bhfuil níos mó ná múinteoir amháin ag múineadh na nuatheanga iasachta⁴

Tugtar faoi Mheasúnú Rangbhunaithe 2 *Punann Teanga an Scoláire* thar imeacht aimsire agus sa tréimhse a ordaíonn CNCM. Moltar go bpleadh múinteoirí Nuatheangacha Iasachta an measúnú lena gcomhghleacaithe, agus go bpleanálfaidís an teagasc agus an t-athbhreithniú le chéile. Beidh sé

⁴ Curtha isteach 31/05/2018 chun soiléiriú a thabhairt ar chruinnithe AFMÁ a bhaineann le teanga shonrach.

tábhachtach na hamanna agus na dátaí chun tabhairt faoin measúnú a shocrú a luaithe is féidir. Moltar go socrófaí dáta le haghaidh an Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair le haghaidh teanga shonrach i dtreo thús an tríú bliain chun cabhrú leis an Measúnú Rangbhunaithe a phleanáil, a chur i bhfeidhm agus a athbhreithniú. Tar éis don scoil an dáta sin a shocrú, beidh na múinteoirí agus na scoláirí in ann ullmhú chun an Measúnú Rangbhunaithe Punann Teanga an Scoláire a chur i gcrích. Caithfear an Measúnú Rangbhunaithe sin a chur i gcrích sa tréimhse a ordaíonn CNCM.

Má tá múinteoir nuatheanga iasachta ag scoil nach bhfuil ag múineadh an chohóirt scoláirí atá ag tabhairt faoina measúnú rangbhunaithe (.i. an tríú bliain), féadfaidh an múinteoir sin páirt a ghlacadh i gcruinniú athbhreithnithe ar fhoghlaim agus ar mheasúnú ábhair lena chomhghleacaí/chomhghleacaithe. Ní bheidh samplaí de shaothar scoláirí ag an múinteoir sin ón gcohort seo chun tabhairt chuig an gcruinniú.

Scoileanna ina bhfuil múinteoir amháin ag múineadh na nuatheanga iasachta

Tugtar faoi Mheasúnú Rangbhunaithe 2 *Punann Teanga an Scoláire* thar imeacht aimsire agus sa tréimhse a ordaíonn CNCM. I scoil ina bhfuil múinteoir amháin don nuatheanga iasachta seo, moltar go bpléifeadh an múinteoir na socruithe measúnaithe lena éascaitheoir/le lucht bainistíochta na scoile ag féachaint le dul i dteagmháil le múinteoirí na nuatheanga iasachta céanna i scoileanna eile, atá gar dóibh más féidir, agus comhordú leo. Is féidir leis an múinteoir aon teagasc agus foghlaim a theastódh a phleanáil ansin agus, i gcomhar lena chomhghleacaithe ó scoileanna eile, dáta a chomhaontú do chruinniú Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair le haghaidh teanga shonrach. Beidh sé tábhachtach na hamanna agus na dátaí chun tabhairt faoin measúnú a chomhaontú a luaithe is féidir, agus foirne bainistíochta na scoileanna ar fad a chur ar an eolas faoi na dátaí sin. Moltar go socrófaí dáta le haghaidh an Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair i dtreo thús an tríú bliain chun cabhrú leis an Measúnú Rangbhunaithe a phleanáil, a chur i bhfeidhm agus a athbhreithniú. Nuair is féidir, ba cheart do scoil amháin an cruinniú Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair a réachtáil, agus ba cheart don scoil sin an t-éascaitheoir a sholáthar freisin. Má úsáidtear scoil, ba cheart láthair an chruinnithe a athrú ó scoil go scoil gach bliain. Ach d'fhéadfaí ionaid eile a úsáid, má chomhaontaíonn gach duine air sin. Tar éis an dáta a shocrú, beidh na múinteoirí agus na scoláirí in ann ullmhú chun an Measúnú Rangbhunaithe a chur i gcrích. Toisc go bhfuil scoileanna nach bhfuil ach múinteoir amháin don teanga sin iontu ag tabhairt faoin Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair le chéile, ba cheart tréimhse choiteann a chomhaontú ón tús.

Measúnú Rangbhunaithe 2 a chur i gcrích: Punann Teanga an Scoláire



Mar chuid den phróiseas chun an Measúnú Rangbhunaithe a chur i gcrích roghnaíonn gach scoláire trí théacs ón bpunann le cur isteach i gcomhair measúnú, agus beidh ceann díobh sin i bhformáid fuaime. Beidh saoirse ag an scoláire aon trí mhír ar oibrigh siad ar thar an tréimhse ama a roghnú, ar an gcoinníoll go mbeidh téacs amháin ar a laghad

a roghnófar i bhformáid fuaime, agus go léireoidh téacs amháin ar a laghad feasacht ar ghnéithe de thír/thíortha agus/nó de chultúr na sprioctheanga⁵.

Ní mór Nóta ar Machnamh Scoláire a chuimsiú le gach ceann de na trí théacs. Tá teimpléad le haghaidh an Nóta ar Machnamh Scoláire tugtha in Aguisín B. Tugann an nóta spás don scoláire aidhm nó rún an-ghairid a leagan síos le haghaidh an phíosa saothair agus spásanna chun machnamh ar cad a foghlaimíodh a áireamh agus cad a d'fhéadfadh an scoláire a dhéanamh ar bhealach difriúil uair éigin eile.

Úsáidtear an nóta mar thaca d'fhoghlaim leanúnach teanga an scoláire. Bíonn machnamh an scoláire níos stuama má dhéantar é ag an am céanna is a chruthaítear téacsanna, i gcás ina dtagann deiseanna barántúla chun cinn, seachas seachtainí nó míonna ina dhiaidh sin.

D'fhéadfadh leaganacha roimhe sin de phíosaí scríofa, i gcás gurb ann dóibh, cabhrú leis an scoláire an Nóta ar Machnamh an Scoláire a líonadh isteach. Cé go spreagtar an scoláire chun a théacs a fheabhsú bunaithe ar aiseolas óna mhúinteoir agus óna chomhghleacaithe, tabhair faoi deara nach féidir glacadh ach le hobair an scoláire féin amháin i gcomhair measúnú i bPróifíl Gnóthachtála na Sraithe Sóisearaí.

Téacsanna a roghnú ó phunann an scoláire: comhairle don scoláire

Déanfaidh do mhúinteoir monatóireacht ar an obair don mheasúnú seo agus tacóidh sé leis. Is fútsa atá sé aon trí mhír a chruthaigh tú thar an tréimhse ama a roghnú, a fhad is

⁵ Tabhair faoi deara go bhféadfaidh téacs amháin an dá riachtanas sin a chomhlíonadh, mar shampla, taifeadh fuaime nó físe de scoláire ag idirghníomhú le scoláire ó thír na sprioctheanga nó díolaim físe ina labhraíonn an scoláire faoi na cosúlachtaí agus na difríochtaí idir gnéithe dá chultúr agus de chultúr thír nó thíortha na sprioctheanga.

- go bhfuil mír amháin ar a laghad a roghnaíonn tú i bhformáid ó bhéal
- taispeánann téacs amháin ar a laghad a roghnaíonn tú roinnt feasachta ar chultúr nó ar thír/thíortha na teanga atá á foghlaim agat – d'fhéadfadh píosa labhartha nó scríofa a bheith i gceist leis sin
- cuimhnigh na téacsanna sin is dóigh leat a léiríonn an obair is fear uait a roghnú **agus/nó** dul i gcomhairle le do mhúinteoir maidir leis na míreanna i do phunann a léiríonn an obair is fearr uait.

Ní mór duit Nóta ar Mhachnamh an Scoláire a líonadh isteach maidir le gach píosa. Áireofar leis sin teideal nó topaic, nóta gairid maidir leis an gcúis gur roghnaigh tú an mhír seo agus machnamh ar cad a d'fhoghlaim tú óna chruthú. B'fhéidir go mbeadh sé níos éasca agat machnamh a dhéanamh agus nótaí a dhéanamh ar gach téacs láithreach bonn i ndiaidh duit é a chruthú, seachas fanacht go dtí go mbeidh tú ag roghnú na dtéacsanna is fearr leat le haghaidh do Mheasúnú Rangbhunaithe.

An leibhéal gnóthachtála a chinneadh: Punann Teanga an Scoláire



Na Gnéithe Cáilíochta

Déantar cur síos anseo ar na Príomhghnéithe Cáilíochta a thacaíonn le breithiúnas an scoláire agus an mhúinteora i gcomhair Phunann Teanga an Scoláire. Is iad na Gnéithe Cáilíochta na critéir a úsáidfear lena mheas cén ceann de na tuairisceoirí thíos is fearr a oireann d'obair an scoláire: Tá siad ag teacht den chuid is mó le banda A (A1 go A2, úsáideoir bunúsach) den Chreat Comhchoiteann Tagartha Eorpach le haghaidh Teangacha. **Tugann an scoláire faoina phunann thar imeacht aimsire agus roghnaíonn sé na téacsanna is fearr uaidh sa tréimhse a ordaíonn CNCM. Beidh na hionchais maidir leis an gcaighdeán a bhainfidh sé amach ag leibhéal a bheidh oiriúnach dá aois agus dá thaithí ag an gcéim sin ina chuid foghlama teanga sa tsraith shóisearach.**

Cuirfear na Gnéithe Cáilíochta seo i bhfeidhm ar shamplaí barantúla d'obair scoláirí. Ag eascairt ón bpróiseas seo

- D'fheadfaí leasuithe a dhéanamh ar na Gnéithe Cáilíochta
- Foilseofar Gnéithe Cáilíochta leasaithe mar is cuí, sna treoirínthe measúnaithe
- Foilseofar samplaí anótáilte d'obair scoláirí ar www.curriculumonline.ie

Na Gnéithe Cáilíochta: Punann Teanga an Scoláire	
<p>Thar barr ar fad</p> <p>Saothar ina léirítear na gnéithe seo ar chaighdeán an-ard. Tá níos mó láidreachtaí ná lochtanna ag baint leis an saothar.</p>	<p>Cuirtear smaointe in iúl go han-soiléir, le líofacht, cruinneas agus raon foclóra an-mhaith</p> <p>Taispeánann an téacs feasacht an-mhaith ar ghnásanna teanga agus sóisialta agus ar phatrúin teanga</p> <p>Léiríonn an téacs tuiscint an-mhaith ar an gcuspóir agus ar an lucht spéise féideartha don chumarsáid agus, nuair is cuí, ar ghnéithe de thír/thíortha nó cultúr na sprioctheanga</p>
<p>Os cionn na n-ionchas</p> <p>Saothar ina léirítear na gnéithe seo go han-mhaith. Léiríonn an scoláire tuiscint shoiléir ar an gcaoi le gach réimse den tasc a chur i gcrích. D'fhéadfadh sé go dtabharfaí aiseolas á rá gur gá tuilleadh airde a dhíriú ar ghné áirithe den saothar, ach tá sé ar ardchaighdeán ar an iomlán.</p>	<p>Cuirtear smaointe in iúl go soiléir, le líofacht, cruinneas agus raon foclóra maith</p> <p>Taispeánann an téacs feasacht mhaith ar ghnásanna teanga agus sóisialta agus ar phatrúin teanga</p> <p>Léiríonn an téacs tuiscint mhaith ar an gcuspóir agus ar an lucht spéise féideartha don chumarsáid agus, nuair is cuí, ar ghnéithe de thír/thíortha nó cultúr na sprioctheanga</p>
<p>Ag teacht leis na hionchais</p> <p>Saothar ina léirítear bunús na ngnéithe seo go maith. Léiríonn sé go raibh tuiscint mhaith ag an scoláire ar an tasc. D'fhéadfadh sé go gcuirfeadh an t-aiseolas in iúl gur gá tuilleadh airde a dhíriú ar réimsí áirithe, ach tá an obair inniúil den chuid is mó.</p>	<p>Cuirtear smaointe in iúl ar bhealach sách soiléir le go dtuigfí iad, le líofacht, cruinneas agus raon foclóra teoranta</p> <p>Taispeánann an téacs feasacht teoranta ar ghnásanna teanga agus sóisialta agus ar phatrúin teanga</p> <p>Léiríonn an téacs tuiscint éigin ar an gcuspóir agus ar an lucht spéise féideartha don chumarsáid agus, nuair is cuí, ar ghnéithe de thír/thíortha nó cultúr na sprioctheanga</p>
<p>Níor chomhlíon na hionchais go fóill</p> <p>Saothar nach gcomhlíonann riachtanais an Mheasúnaithe Rangbhunaithe ná na ngnéithe lena mbaineann. B'fhéidir go ndearna an scoláire iarracht mhaith, ach níor thuig sé a raibh i gceist leis an tasc i ndáiríre nó tá sé curtha ó mhaith ag botúin nach beag. Tarraingeoidh an t-aiseolas aird ar na heasnamh bhunúsacha ar gá iad a chur ina gceart.</p>	<p>Cuirtear smaointe in iúl go doiléir go minic agus bíonn siad teoranta d'fhocail agus frásaí an-bhunúsach</p> <p>Ní thaispeánann an téacs feasacht ach go beag más ann dó in aon chor ar ghnásanna teanga agus sóisialta agus ar phatrúin teanga</p> <p>Ní thaispeánann an téacs tuiscint ach go beag más ann dó in aon chor ar an gcuspóir agus ar an lucht spéise féideartha don chumarsáid ná ar ghnéithe de thír/thíortha nó cultúr na sprioctheanga</p>

Beidh na hionchais maidir leis an gcaighdeán a bhainfidh sé amach ag leibhéal a bheidh oiriúnach dá aois agus dá thaithe ag an gcéim sin ina chuid foghlama teanga sa tsraith shóisearach. Roghnaíonn an scoláire na téacsanna is fearr uaidh sa tréimhse a ordáionn CNCM. Féadfaidh sé aon trí mhír a chruthaigh sé sa tréimhse sin a roghnú le cur isteach lena measúnú, fad is go bhfuil téacs ó bhéal amháin ar a laghad ann agus go léiríonn téacs amháin ar a laghad feasacht ar ghnéithe de thír/thíortha agus/nó cultúr na teanga. Déanann an múinteoir measúnú ar gach téacs as féin leis an gnéithe cáilíochta.

Tuairisciú ar ghnóthachtáil i bPunann Teanga an Scoláire

Is é an tuairisceoir a úsáidtear sa PGSS chun gnóthachtáil an scoláire i Measúnú Rangbhunaithe 2, Punann Teanga an Scoláire, a thuairisciú an ceann is fearr a ghabhann gnóthachtáil foghlama teanga an scoláire mar chruthaitheoir téacsanna ó bhéal, scríofa agus digiteacha sa sprioctheanga.

- Má bhronntar an tuairisceoir céanna ar na trí théacs a chuir an scoláire isteach lena measúnú (m.sh. measadh go raibh na trí théacs Ag teacht leis na hionchais; go raibh na trí théacs Os cionn na n-ionchas), taifeadfar an tuairisceoir sin sa PGSS.
- Má bhronntar dhá thuairisceoir dhifriúla ar na trí théacs a chuir an scoláire isteach lena measúnú (m.sh. measadh go raibh dhá théacs Ag teacht leis na hionchais; go raibh téacs amháin Os cionn na n-ionchas), is é an tuairisceoir is fearr a ghabhann gnóthachtáil an scoláire an tuairisceoir is ísle (.i. Ag teacht leis na hionchais sa chás seo) toisc nach bhfuil dhá théacs ar a laghad ag an scoláire ina phunann a léiríonn gnóthachtáil ag an gcaighdeán níos airde.
- Má bhronntar trí thuairisceoir dhifriúla ar na trí théacs (m.sh. measadh Nár chomhlíon téacs amháin na hionchais go fóill; go raibh téacs amháin Ag teacht leis na hionchais; go raibh téacs amháin Os cionn na n-ionchas), is é an tuairisceoir is fearr a ghabhann gnóthachtáil an scoláire mar fhoghlaiméoir teanga an tuairisceoir sa lár (.i. Ag teacht leis na hionchais sa chás seo).

Na chéad chéimeanna eile



Cruinniú Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair

Ach an oiread leis an gcéad Mheasúnú Rangbhunaithe, eagrófar cruinniú Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair i ndiaidh an dara Measúnú Rangbhunaithe, a chur i gcrích. **Is féidir teacht ar thuilleadh sonraí faoi phróiseas an Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair a bhainistiú agus faoi pháirt a ghlacadh ann san Aguisín agus is féidir é a fháil ar líne ag www.ncca.ie.**

Mar ullmhúchán don chruinniú don Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair, sainithneoidh gach múinteoir sampla amháin d'obair scoláire le haghaidh gach tuairisceora, agus beidh siad sin ar fáil lena bplé ag an gcruinniú.

Más féidir, ba cheart go bpléifí dhá shampla ar a laghad le haghaidh gach tuairisceora agus ba cheart don éascaitheoir a chinntiú go bpléitear ceann amháin ar a laghad de shamplaí gach múinteora i rith an chruinnithe. Ba cheart cineálacha éagsúla téacsanna, lena n-áirítear téacsanna i bhformáid ó bhéal agus téacsanna ina ndéantar iniúchadh ar ghnéithe de thír/thíortha agus/nó de chultúr na sprioctheanga, a áireamh freisin.

Tar éis an Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair, úsáidtear na tuairisceoirí a bhronntar chun dul chun cinn agus gnóthachtáil a thuairisciú do thuismitheoirí agus don scoláire mar chuid de nósanna imeachta tuairiscithe na scoile agus trí Phróifíl Gnóthachtála na Sraithe Sóisearáil (PGSS).

Torthaí an Mheasúnaithe Rangbhunaithe a Thaifeadadh agus a Thuairisciú

Tar éis an Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair déanfaidh gach múinteoir athmhachnamh ar bhreithiúnas ar obair a scoláire bunaithe ar thorthaí an chruinnithe agus, nuair is gá, déanfaidh sé na hathruithe cuí chun an leibhéal gnóthachtála a bronnadh ar an saothar ar an gcéad dul síos a chur ina cheart. Úsáidtear na tuairisceoirí chun dul chun cinn agus gnóthachtáil a thuairisciú

do thuismitheoirí agus don scoláire mar chuid de nósanna imeachta tuairiscithe leanúnacha na scoile agus trí Phróifíl Gnóthachtála na Sraithe Sóisearaí.

Sa chás nach gcuireann scoláire aon obair isteach dá Mheasúnú Rangbhunaithe, ní féidir tuairisceoir a bhronnadh, toisc nach féidir obair a phlé i gcomparáid leis na Gnéithe Cáilíochta. Sa chás sin, ba chóir ‘Neamhthuiriscithe’ a roghnú nuair atá torthaí á gcur isteach i bPróifíl Gnóthachtála na Sraithe Sóisearaí. Tá tuilleadh eolais faoi thuirisceoirí an Mheasúnaithe Rangbhunaithe a thuirisciú do Phróifíl Gnóthachtála na Sraithe Sóisearaí ar fáil ón Roinn Oideachais agus Scileanna ar: [https://www.education.ie/ga/Scoileanna-](https://www.education.ie/ga/Scoileanna-Col%C3%A1ist%C3%AD/Seirbh%C3%ADs%C3%AD/Tuirisce%C3%A1in/An-Tionscadal-Bunachar-Sonra%C3%AD-ar-L%C3%ADne-d%E2%80%99Iar-Bhunscoileanna-P-POD-/P-POD.html)

[Col%C3%A1ist%C3%AD/Seirbh%C3%ADs%C3%AD/Tuirisce%C3%A1in/An-Tionscadal-Bunachar-Sonra%C3%AD-ar-L%C3%ADne-d%E2%80%99Iar-Bhunscoileanna-P-POD-/P-POD.html](https://www.education.ie/ga/Scoileanna-Col%C3%A1ist%C3%AD/Seirbh%C3%ADs%C3%AD/Tuirisce%C3%A1in/An-Tionscadal-Bunachar-Sonra%C3%AD-ar-L%C3%ADne-d%E2%80%99Iar-Bhunscoileanna-P-POD-/P-POD.html)

An Tasc Measúnaithe

Tugann an scoláire faoi Thasc Measúnaithe scríofa atá le cur faoi bhráid Choimisiún na Scrúduithe Stáit lena mharcáil mar chuid de scrúdú deimhnithe an stáit do Nuatheangacha lasachta. Is fiú 10% de na marcanna an Tasc Measúnaithe a úsáidfead chun an grád foriomlán a oibriú amach.

Tá baint dhíreach ag an Tasc Measúnaithe leis an dara Measúnú Rangbhunaithe, le Punann Teanga an Scoláire, a dhéanann measúnú ar na torthaí foghlama seo a leanas:

Inniúlacht Chumarsáideach	Feasacht teanga	Eolas soch-chultúrtha agus Feasacht idirchultúrtha
1.9, 1.10, 1.11, 1.17, 1.19, 1.20, 1.22	2.1, 2.2, 2.7	3.1, 3.2, 3.4, 3.7, 3.8

Cuirtear an Tasc Measúnaithe ar fáil ar leibhéal comónta agus cuirfead cohórt leathan na scoláirí a bheidh ag dul faoin measúnú san áireamh sna ceisteanna a chuirfead. Cuimsítear dhá chéim sa Tasc Measúnaithe: ar an gcéad dul síos, ag gabháil do phíosa ábhar spreagthach chun ullmhú don tasc scríofa; agus ansin, machnamh a dhéanamh ar a thaithí mar fhoghlaimoír teanga agus scríobh faoin taithí sin. Toisc gurb é príomhaidhm an Tasc Measúnaithe an scoláire a spreagadh chun machnamh a dhéanamh ar an bpróiseas foghlama teanga, beidh na ceisteanna agus na freagraí sa teanga scolaíochta.

Cuimseoidh an Tasc Measúnaithe **roinnt** de na nithe seo a leanas nó **gach ceann díobh**:

- Oibriú le spreagthach gearr i bhformáid amhairc, scríofa, fuaimne nó chlosamhairc chun ullmhú don tasc scríofa.

- Tasc scríofa ina dtástálfar an scoláire maidir le ceann amháin nó níos mó díobh seo a leanas:
 - an cumas atá aige/aici breac-chuntas a thabhairt agus/nó plé a dhéanamh ar an taithí atá aige/aici Punann Teanga an Scoláire a chur le chéile
 - a thuiscint ar an taithí sin agus a mheastóireacht uirthi
 - a chumas chun machnamh a dhéanamh ar na scileanna a d'fhorbair sé
 - a thuiscint ar ghné chultúrtha de thír na sprioctheanga, mar a fhiosraítear é i dtéacs amháin nó níos mó de Phunann Teanga an Scoláire.

Lena n-áirítear an taithí atá aige ar an ábhar spreagthach, tógann an Tasc Measúnaithe tréimhse rang dúbailte nó tréimhse dhá rang aonair, (m.sh. 80 nóiméad ar a laghad) le cur i gcrích. Ba cheart go gcuirfí an chéad rang ar leataobh le bheith ag obair ar ábhar spreagthach a chuirfidh CNCM ar fáil, agus le go bhféadfaidh an scoláire machnamh a dhéanamh ar Phunann Teanga an Scoláire mar ullmhúchán chun an leabhrán freagraí a líonadh isteach. Líonfar isteach an leabhrán freagraí sa dara tréimhse. Scríobhtar freagra an scoláire i leabhrán pro-forma agus cuireann an scoil leabhráin chomhlánaithe an scoláire le haghaidh an Tasc Measúnaithe mar aon leis na scrípteanna scrúduithe deiridh ar aghaidh de réir na socrúithe a leagann Coimisiún na Scrúduithe Stáit síos.

Tabharfar faoin Tasc Measúnaithe le haghaidh Nuatheangacha lasachta tar éis an dara Measúnú Rangbhunaithe a bheith curtha i gcrích. Beidh roinnt solúbthachta ag scoileanna chun an dá thréimhse ranga lena chur i gcrích a roghnú, agus aithneofar tréimhse seachtaine amháin nach mór don scoláire tabhairt faoin Tasc Measúnaithe lena linn.

Sa chás go bhfuil scoláire as láthair don Tasc Measúnaithe nó do chuid de, ba chóir don scoil socrú áitiúil a dhéanamh sa scoil le cur ar chumas an scoláire sin an tasc a chur i gcrích chomh gar agus is féidir don tréimhse sceidealaithe.

Cuirfidh Coimisiún na Scrúduithe Stáit an marc a bronnadh as an Tasc Measúnaithe le chéile leis an marc a bronnadh as an scrúdú le teacht ar an ngrád foriomlán don scrúdú stáit deiridh i Nuatheangacha lasachta.

Cuirfear samplaí de Thascanna Measúnaithe, d'ábhar spreagthach agus treoiríníte maidir leis an gcaoi leis an Tasc Measúnaithe a réachtáil agus a bhainistiú thar dhá thréimhse ranga ar fáil ag www.curriculumonline.ie agus san *Fhoireann Uirlisí don Mheasúnú*.

An sceideal a leanann an scoil chun Punann Teanga an Scoláire agus an Tasc Measúnaithe a chur i gcrích

Forbraíonn an scoláire a phunann téacsanna de réir a chéile. Caithfear Measúnú Rangbhunaithe Phunann Teanga an Scoláire a chur i gcrích sa tréimhse a ordaíonn CNCM. A luaithe a dhéanfaidh an scoil cinneadh faoin dáta deiridh lena chur i gcrích, beidh an múinteoir agus an scoláire in ann an tréimhse ina mbeifear ag obair ar an Measúnú Rangbhunaithe ar Phunann Teanga an Scoláire agus ina gcuirfear i gcrích í a shocrú. B'fhéidir nach mbeidh an próiseas ar siúl ag an am céanna i ngach scoil ach beidh sé de réir amlínite náisiúnta ⁶

Achomhairc a dhéanamh in aghaidh toraidh nó toradh a cheistiú

Déanfar achomhairc ó scoláirí in aghaidh an ghráid a bronnadh sa scrúdú stáit, an Tasc Measúnaithe san áireamh, a phróiseáil de réir na socruithe achomhairc reatha. Is í an scoil a dhéanfaidh plé le ceisteanna i ndáil le gach gné eile de PGSS, nuair a thagann a leithéid chun cinn.

⁶ Cuirfear tráthchlár náisiúnta maidir leis na Measúnuithe Rangbhunaithe ar fad le haghaidh gach ábhair ar fáil go bliantúil.

Aguisín A: Cumarsáid ó bhéal: Teimpléad le haghaidh Nóta ar Mhachnamh an Scoláire

SCOIL:	SCOLÁIRE:	
TOPAIC, RÓLIMIRT nó SPREAGTHACH:		
An chaoi ar úsáid mé mo chuid foghlama teanga go dtí seo chun ullmhú don Mheasúnú Rangbhunaithe i gcomhair Cumarsáid ó Bhéal:		
Machnamh pearsanta ar an gCumarsáid ó Bhéal		
Rud tábhachtach amháin a d'fhoghlaim mé ón tasc a dhéanamh:	Rudaí a d'athróinn nó a dhéanfainn iarracht a fheabhsú:	
<u>Scoláire</u>	<u>Múinteoir</u>	<u>Dáta</u>

Aguisín B: Punann Teanga an Scoláire: Teimpléad le haghaidh Nóta ar Mhachnamh an Scoláire

SCOIL:		SCOLÁIRE:	
TEIDEAL nó TOPAIC:			
Roghnaigh mé an mhír téacs mar gheall...			
Mo mheasúnú ar mo chuid oibre			
Cad a d'fhoghlaim mé ó chruthú an téacs/na míre seo:		Cad a dhéanfainn ar bhealach eile an chéad uair eile:	
<u>Scoláire</u>	<u>Múinteoir</u>	<u>Dáta</u>	

Aguisín C: Tacaíocht do bhreithiúnas an mhúinteora: Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair

Cuireann cruinnithe don Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair ar chumas múinteoirí comhleanúnachas a bhaint amach ar bhonn comhoibríoch ina mbreithiúnais ar obair an scoláire i gcoinne Gnéithe Cáilíochta coiteanna, a leagtar síos go seachtrach. Forbrófar tuiscint níos mó ar chaighdeán agus ar ionchais de réir a chéile de réir mar a thiocfaidh múinteoirí le chéile i bplé gairmiúil chun machnamh a dhéanamh ar cháilíocht obair a gcuid scoláirí féin, agus treoir acu ó shonraíocht ábhair, treoirlínte measúnaithe agus ábhar tacaíochta eile lena n-áirítear samplaí anótáilte d'obair scoláirí arna soláthar ag CNCM.

Forbhreathnú

Tá an próiseas athbhreithnithe dírithe ar mhúinteoirí ag plé obair an scoláire ag cruinnithe struchtúrtha. Beidh ról tábhachtach aige ag cuidiú le múinteoirí tuiscint a fhorbairt ar chaighdeán agus ar ionchais trí chur ar a gcumas machnamh a dhéanamh ar an bhfianaise d'obair na scoláirí agus chun na straitéisí foghlama agus teagaisc a thacaíonn leis an obair sin a chomhroinnt.

Is iad seo a leanas cuspóirí an phróisis athbhreithnithe

- comhleanúnachas níos mó i mbreithiúnas na múinteoirí
- aiseolas níos fearr do scoláirí
- breithiúnais a ailíniú níos fearr leis na caighdeáin a bhfuiltear ag súil leo

agus a dheimhniú do thuismitheoirí agus do dhaoine eile go bhfuil na scoláirí ag fáil aitheantais iomchuí dá gcuid éachtaí ar aon dul le caighdeáin agus le hionchais.

Beidh soláthar i bhféilire na scoile don tréimhse a thógfaidh cruinnithe athbhreithnithe ón 22 uair an chloig de thréimhse ghairmiúil a leithroinnfear le haghaidh gach múinteoir lánaimseartha gach bliain. Leithdháilfidh bainistíocht na scoile dhá uair an chloig breise ar mhúinteoir amháin as gach ábhar chun ullmhú i gcomhair gach cruinniú athbhreithnithe agus iad a chomhordú. Rothlófar an ról sin i measc na múinteoirí ábhartha.

Beidh gach cruinniú

- bainteach go sonrach le hábhar ar leith
- thart ar dhá uair an chloig ar fad

- ar siúl ag am chomh gar agus is féidir do chur i gcrích an Mheasúnaithe Rangbhunaithe
- bainteach le hathbhreithniú ar obair na scoláirí a bhainfidh le Measúnú Rangbhunaithe sonrach

Nuair a bhíonn múinteoir ábhair amháin i scoil, féadfar éascaíocht a dhéanamh don mhúinteoir chun páirt a ghlacadh i gcruinniú Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair i scoil eile. I gcás scoil lán-Ghaeilge, is féidir le múinteoir ábhair amháin a bheith rannpháirteach i gcruinniú Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair i scoil lán-Ghaeilge eile.

Treoir an Éascaitheora

Comhlíonfaidh na múinteoirí ról éascaitheora i rith na gcruinnithe Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair ar bhonn rothlach. Déanfaidh an t-éascaitheoir samhltú ar cheistiú éifeachtach i rith an phlé ar shamplaí d'obair an scoláire ag díriú ar an gcaoi is fearr a mheaitseálann obair na scoláirí na Gnéithe Cáilíochta. I rith cruinnithe athbhreithnithe, nuair nach léir go follasach cén tuairisceoir ba cheart a bheadh i bhfeidhm, ba cheart don ghrúpa an fhianaise a chuardach in obair an scoláire a mheaitseálann gach ceann nó beagnach gach ceann de na Gnéithe Cáilíochta a bhaineann le tuairisceoir faoi leith. Cuireann cur chuige 'na rogha is oiriúnaí' ar chumas an mhúinteora an tuairisceoir is fearr a mheaitseálann 'ar an iomlán' an obair atá á meas a roghnú. Cuirfidh an t-éascaitheoir tuairisc ghearr (féach Aguisín D) den chruinniú athbhreithnithe isteach chuig príomhoide na scoile.

Níor chóir don mhúinteoir talamh slán a dhéanamh de go mbeidh torthaí grúpa scoláirí ag teacht le haon phatrún dáileacháin ar leith, de bharr nach ndéantar obair an scoláire a mheas ach amháin trí thagairt do na Gnéithe Cáilíochta seachas don chaoi ar éirigh leis na scoláirí eile.

Roimh an gcruinniú

Mar chéad chéim, b'fhéidir gur mhaith le múinteoirí athbhreithniú a dhéanamh ar roinnt de shamplaí anótáilte ábhartha CNCM sula dtagann siad ar chinntí maidir le hobair a gcuid scoláirí féin.

A luaithe is a bhíonn a Measúnú Rangbhunaithe curtha i gcrích ag scoláire, déanfaidh an múinteoir réamh-mheasúnú ar obair an scoláire bunaithe ar na Gnéithe Cáilíochta. Féadfar na réamh-mheasúnuithe sin a mhodhnú i bhfianaise an phlé a tharlaíonn ag an gcruinniú don Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair.

Beidh aird ag an múinteoir ar an tuairisceoir a bheith leithdháilte ar gach scoláire agus ar aon pointe eile a bheidh siad ag iarraidh nó a mheasfaidh siad áisiúil tagairt dó i rith an chruinnithe don

Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair agus ina dhiaidh. Is don mhúinteoir féin a bheidh na nótaí sin.

Mar ullmhúchán don chruinniú don Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair, sainaitheoidh gach múinteoir sampla amháin d'obair scoláire le haghaidh gach tuairisceora, agus beidh siad sin ar fáil lena bplé ag an gcruinniú.

I rith an chruinnithe

Is é an t-éascaitheoir a bheidh i mbun an chruinnithe agus coimeádfaidh sé/sí taifead de na cinntí a dhéanfar i dteimpléad a úsáidfear chun tuairisc den chruinniú a chur i dtoll a chéile (féach Aguisín D). Moltar go leanfadh an cruinniú an leagan amach seo tríd is tríd:

- Míniú an t-éascaitheoir gurb é cuspóir an chruinnithe tacú le comhleanúnachas breithiúnais maidir le hobair an scoláire agus comhthuiscint a fhorbairt maidir le cáilíocht fhoghlaim an scoláire. Ba cheart aird a tharraingt freisin ar fiúntas an chruinnithe ó thaobh aiseolas a thabhairt don scoláire ar conas a d'fhéadfadh sé a chuid oibre a fheabhsú.
- Iarrann an t-éascaitheoir ar bhall foirne amháin sampla a thaispeáint de shaothar a ndearna sé measúnú air mar cheann Nár chomhlíon na hionchais go fóill.
- Tar éis réamhrá gairid ón mhúinteoir, déanann an t-éascaitheoir plé ginearálta ar a mhéid is a thagann obair an scoláire leis na Gnéithe Cáilíocht ábhartha. Má dheimhnítear an breithiúnas ag an gcruinniú, breacann an t-éascaitheoir é sin i dtaifead an chruinnithe.
- I gcás nach mbíonn aon chomhaontú i measc an ghrúpa, ba cheart don éascaitheoir tagairt do shamplaí anótáilte ábhartha d'obair scoláirí arna soláthar ag CNCM agus, más iomchuí, do chúpla sampla d'obair scoláirí a bhfuil measúnú déanta ag múinteoirí eile sa ghrúpa orthu agus ar bhronn siad an tuairisceoir sin orthu.
- Ba cheart don éascaitheoir féachaint le comhaontú a leagan síos i rith an phlé ar shamplaí ach ba cheart go mbeadh an bhéim ar eolas agus ar scileanna gairmiúla na múinteoirí a fhorbairt seachas ar chomhaontú d'aon ghuth a lorg maidir le gach Gné Cáilíochta i ngach sampla.
- Ba cheart an bhéim ó thaobh breithiúnais a dheimhniú i rith na gcruinnithe athbhreithnithe a bheith ar chur chuige 'na rogha is oiriúnaí' i gcónaí áit a dtugtar deis do mhúinteoir teacht ar chomhaontú maidir leis an tuairisceoir is oiriúnaí 'ar an iomlán' don obair atá á meas.

- Cé gur cheart am réasúnach a thabhairt i gcomhair plé, ba cheart don éascaitheoir a bhreithiúnas/breithiúnas gairmiúil a úsáid le cinneadh cathain a bheadh sé oiriúnach dul ar aghaidh chuig an gcéad sampla eile.
- Más féidir, ba cheart go bpléifí dhá shampla ar a laghad le haghaidh gach tuairisceora agus ba cheart don éascaitheoir a chinntiú go bpléitear ceann amháin ar a laghad de shamplaí gach múinteora i rith an chruinnithe.
- Déantar aithris ar an bpróiseas, ansin, le samplaí a bhfuil measúnú déanta orthu mar Ag teacht leis na hionchais, Os cionn na n-ionchas agus Thar barr ar fad agus iad a phlé agus a chomhroinnt sa ghrúpa. Ag deireadh an chruinnithe, tugann an t-éascaitheoir achoimre gearr ar na príomhphointí ón bplé.
- Tá sé tábhachtach go ndéanfadh an múinteoir nóta d'impleachtaí na gcinntí a rinneadh i rith an chruinnithe maidir leis an gcuid eile d'obair an scoláire a ndearna siad measúnú air cheana féin, go háirithe i gás tuairisceoirí nuair nach raibh a mbreithiúnas ag teacht le tuairim mhóramh na múinteoirí ag an gcruinniú.

I ndiaidh an chruinnithe

Tar éis an chruinnithe, déanann gach múinteoir machnamh ar obair a scoláire bunaithe ar thorthaí an chruinnithe agus, nuair a mheastar gur gá é, déanann sé na hathruithe iomchuí ar a réamh-mheasúnú. Tar éis an chruinnithe don Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair, seolann an t-éascaitheoir isteach a thuairisc ón gcruinniú, ag díriú ar thorthaí an phlé ar obair an scoláire ag an gcruinniú, agus cuireann sé isteach chuig príomhoide na scoile é.

Féadfaidh an t-éascaitheoir iarraidh ar mhúinteoirí, más mian leo, roinnt d'obair scoláirí a chur le taisce samplaí

- chun tacú le hionduchtú múinteoirí nua
- chun tacú le cruinnithe Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair amach anseo
- chun iad a úsáid in éineacht le scoláirí agus le tuismitheoirí chun léiriú a thabhairt ar chaighdeán na hoibre a bhaintear amach.

Aguisín D: Cruinniú Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú
Ábhair: Tuairisc an Éascaitheora

Ábhar:	Dáta/am:
Tinreamh	
Príomhchinntí a glacadh	
Pointí le tabhairt faoi deara do chruinnithe athbhreithnithe sa todhcháí	
Tuairim ar bith eile?	
<p>Éascaitheoir</p> <p>Dáta</p>	

